FÓGRA TÁBHACHTACH DO RANNÍOCÓIRÍ ÁSPC AICME A
Modh athcheartaithe le héifeacht ón 1/9/2019 chun sochar breoiteachta a éileamh

Ba chóir éilimh ar shochar breoiteachta ó bhaill foirne a íocann ranníocaíochtaí ÁSPC Aicme "A" **a dhéanamh go díreach chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialaí ón 1/9/2019** agus íocfar an sochar breoiteachta leis an mball foirne. Ní gá a thuilleadh don fhoireann éileamh a chur chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna lena phróiseáil.

CÉN DIFEAR A DHÉANFAIDH SÉ SEO DUITSE?

1. Faoin gcóras párolla, ríomhfar líon na laethanta a cháileoidh do shochar breoiteachta bunaithe ar an taifead saoire bhreoiteachta a chuir an scoil isteach, agus bainfear an méid ceart den tuarastal.
2. Cuirfidh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialaí na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas agus déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim na creidmheasanna cánach a choigeartú go huathoibríoch chun an t-athrú a chur san áireamh.

CAD A CHAITHFIDH MÉ A DHÉANAMH?

1. Teastas dochtúra a fháil ó do dhochtúir do thaifid na scoile. Nuair a bhíonn fostaí ar saoire bhreoiteachta (deimhnithe, criticiúil nó bainteach le toircheas ag ráta iomlán nó ag leathráta an phá) ar feadh sé lá ar a mhéad, ní mór don dochtúir foirm éilimh ar shochar breoiteachta na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialaí (IB1) a líonadh isteach. Cinntigh go bhfuil sonraí do chuntais bhainc san áireamh i bhfoirm IB1 agus seol ar aghaidh chuig an seoladh ar na foirmeacha.

2. Féach chuige go bhfaigheann an scoil na teastais dochtúra agus go gcuirtear na neamhláithreachtaí isteach in am ar an gCóras Éileamh ar Líne.

Tá sé tábhachtach go gcuirfí an neamhláithreacht in iúl don scoil agus go gclárófaí é ar an gCóras Éileamh ar Líne a luaithe is féidir. Mura gcuirtear neamhláithreacht in iúl in am nó má ghabhann cúpla seachtain thart sula gcláraítear an neamhláithreacht ar an gCóras Éileamh ar Líne, bainfear an sochar breoiteachta atá ag dul don Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le tréimhse iomlán na neamhláithreachta in imeacht roinnt tréimhsí párolla.

Bainfear méideanna de réir rialacha na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialaí maidir le cáiliú do shochar breoiteachta. Ní bhainfear aon mhéid maidir leis na chéad sé lá de bhreoiteacht dheimhnithe.

I gcás ina bhfuil Múinteoir / Cúntóir Riachtanas Speisialta ag fáil sochar breoiteachta ar ráta laghdaithe mar gheall ar leibhéal ioncaim nó líon na ranníocaíochtaí, nó i gcás nach gcáilíonn sí/sé do shochar breoiteachta, **ba chóir scéala a chur chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna trí chóip de chinneadh na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialaí a chur isteach a luaithe is féidir chuig illnessbenefit@education.gov.ie**. Déanfar an ráta laethúil a choigeartú tar éis an fógra sin a fháil.

NÓTA TÁBHACHTACH

NÁ CUIR AON DEIMHNIÚ COIMIRCE SHÓISIALAÍ ISTEACH CHUIG AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

Ba chóir gach foirm a líonadh isteach go hiomlán agus a chur chuig an seoladh a chuirtear ar fáil ar an IB1 agus an MED1 (Deimhniú Éagumas chun Oibre).

Féach chuige go bhfuil do mhionsonraí bainc ar an bhfoirm IB1 agus íocfaidh an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialaí d'íocaíochtaí sochair bhreoiteachta isteach i do chuntas.

Moltar do na fostaithe uile iad féin a chur ar an eolas i dtaobh phróiseas an tSochair Bhreoiteachta. Tá sé sin ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialaí - www.welfare.ie